GA
E-004835/2018
Freagra ón Uasal Jourová
thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh
(6.12.2018)

Maidir leis an staid sa Chatalóin, ba mhaith leis an gCoimisiún a sheasamh a mheabhrú, de réir mar a cuireadh in iúl é i Seisiún Iomlánach Pharlaimint na hEorpa an 4 Deireadh Fómhair agus an 11 Deireadh Fómhair 2017. Mhaígh an Coimisiún go raibh muinín aige i gceannaireacht údaráis na Spáinne an próiseas deacair seo a bhainistiú ag tabhairt lánurraim do Bhunreacht na Spáinne agus do na cearta bunúsacha saoránach a chumhdaítear ann. Tá an seasamh sin bailí go fóill.

Cuireann an Coimisiún an-bhéim ar an gceart triail chóir a fháil in imeachtaí coiriúla. Sé Threoir um chearta nósanna imeachta atá glactha ag an Aontas Eorpach go dtí seo, lena n-áirítear Treoir (AE) 2016/343 a bhaineann le neartú gnéithe áirithe maidir le toimhde na neamhchiontachta agus maidir leis an gceart a bheith i láthair ag an triail i nósanna imeachta coiriúla[1]. Ní mór do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar lánurraim do chearta gach amhrastaigh agus cúisí de réir mar a fhoráiltear sna Treoracha sin.

[1] Treoir (AE) 2016/343 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le neartú ar ghnéithe áirithe de thoimhde na neamhchiontachta agus den cheart chun bheith i láthair le linn na trialach in imeachtaí coiriúla, IO L 65, 11.3.2016, lch. 1.